BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

23 Deireadh Fómhair 2025 *

(Tarchur chun réamhrialú – Cánachas – Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Idirbhearta faoi réir CBL – Airteagal 2(1)(c) – Soláthar seirbhísí ar comaoin – Airteagal 9(1) – Duine inchánach – Cúnamh dlíthiúil arna sholáthar saor in aisce ag dlíodóir do pháirtí in imeachtaí dlíthiúla – Táillí an dlíodóra sin á n-íoc ag an bpáirtí freasúrach a chailleann)

I gCás C-744/23 [Zlakov] [i],

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Sofiyski rayonen sad (Cúirt Dúiche Shóifia, an Bhulgáir), trí bhreith an 29 Samhain 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 1 Nollaig 2023, sna himeachtaí

T.P.T.

v

'Financial Bulgaria' EOOD,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán, ag feidhmiú mar Bhreitheamh den Chéad Dlísheomra, I. Ziemele, A. Kumin (Rapóirtéir) agus S. Gervasoni, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– 'Financial Bulgaria' EOOD, ag P. Damyanov agus M. Kozhuharova,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, i gcáil Gníomhaire,

– an Coimisiún Eorpach, ag M. Herold agus G. Koleva, i gcáil Gníomhairí,

* Teanga an cháis: an Bhulgáiris.

[i] Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 8 Bealtaine 2025,

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 2(1)(c), Airteagal 24(1), Airteagal 26(1)(b), Airteagail 28 agus 75 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1, 'an Treoir maidir le CBL').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir T.P.T. agus 'Financial Bulgaria' EOOD maidir le hiarraidh arna déanamh ag dlíodóir T.P.T. go n-íocfadh Financial Bulgaria é, sa bhreis ar a táillí, cáin bhreisluacha (CBL) arna ríomh ar bhonn na dtáillí sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

3 Faoi Airteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL, beidh 'soláthar seirbhísí arna ndéanamh ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach atá ag feidhmiú sa cháil sin' faoi réir cáin bhreisluacha (CBL). [Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 9(1) den Treoir sin:

'Ciallaíonn "duine inchánach" aon duine a dhéanann, go neamhspleách, aon ghníomhaíocht eacnamaíoch in aon áit, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na gníomhaíochta sin.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 24(1) den Treoir sin:

'Ciallaíonn "soláthar seirbhísí" aon idirbheart nach soláthar earraí é.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 26(1) den Treoir sin:

'Déanfar gach ceann de na hidirbhearta seo a leanas a láimhseáil mar sholáthar seirbhísí ar comaoin:

[...]

(b) soláthar seirbhísí arna ndéanamh saor in aisce ag an duine inchánach chun úsáide príobháidí aige féin nó ag a fhoireann nó go ginearálta chun críocha nach mbaineann lena ghnó.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 De réir Airteagal 28 den Treoir maidir le CBL:

‘I gcás ina nglacann duine inchánach atá ag gníomhú ina ainm féin ach thar ceann duine eile páirt i soláthar seirbhísí, measfar go bhfuair sé féin na seirbhísí sin agus gur sholáthair sé iad.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Is mar seo a leanas foclaíocht Airteagal 75 den Treoir sin:

‘Maidir le soláthar seirbhísí, dá dtagraítear in Airteagal 26, i gcás úsáid earraí ar cuid de na sócmhainní gnó iad chun críoch príobháideach agus soláthar seirbhísí saor in aisce, is éard a bheidh sa mhéid inchánach an costas iomlán ar an duine inchánach as na seirbhísí a sholáthar.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí na Bulgáire

9 Foráiltear leis an Zakon za advokaturata (an Dlí maidir leis an nGairm Dlí), mar a bhí i bhfeidhm tráth na bhfíoras atá i gceist sna príomhimeachtaí (‘ZA’), in Airteagal 38:

‘(1) Féadfaidh dlíodóir nó dlíodóir de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach cúnamh agus cabhair dhlíthiúil a sholáthar saor in aisce do:

[…]

2. daoine a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu;

[…]

(2) Sna cásanna dá dtagraítear i mír 1, más rud é, sna himeachtaí lena mbaineann, go n-ordófaí don pháirtí freasúrach na costais a íoc, beidh dlíodóir nó dlíodóir de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach […] i dteideal táillí dlíodóra. Socróidh an chúirt na táillí ag méid nach bhféadfaidh a bheith níos ísle ná an méid dá bhforáiltear sa Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 36(2) agus ordóidh sí don pháirtí eile na táillí sin a íoc.’

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

10 Thionscain T.P.T. caingean shibhialta i gcoinne Financial Bulgaria ag iarraidh dearbhú go raibh comhaontú ráthaíochta a tugadh i gcrích eatarthu i ndáil le creidmheas tomhaltóra ar neamhní. Chuige sin, rinne dlíodóir T.P.T ionadaíocht dhlíthiúil air, ag gníomhú i bhfoirm chuideachta dlíodóra aon bhall, ar bhonn conradh arna thabhairt i gcrích lena dhlíodóir. Soláthraíodh an cúnamh dlíthiúil sin dó saor in aisce, i gcomhréir le hAirteagal 38(1)(2) de ZA.

11 Ós rud é gur éirigh le T.P.T., d’ordaigh Sofiyski rayonen sad (Cúirt Dúiche Shóifia, an Bhulgáir), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, do Financial Bulgaria, le cinneadh an 3 Lúnasa 2023, suim 400 leva na Bulgáire (BGN) a íoc le dlíodóir T.P.T., i gcomhréir le hAirteagal 38(2) de ZA, gan CBL a chur san áireamh ann, áfach.

12 An 13 Deireadh Fómhair 2023, thug dlíodóir T.P.T. caingean os comhair na cúirte a rinne an tarchur ag lorg leasú ar chinneadh an 3 Lúnasa 2023 chun íocaíocht CBL, de bhreis ar na táillí, arna ríomh ar shuim BGN 400, a dheonú dó, arb ionann í agus BGN 80.

13 Chuir Financial Bulgaria i gcoinne an éilimh sin ag áitiú nach raibh sé iomchuí íocaíocht CBL a dheonú ar tháillí dlíodóirí ós rud é gur soláthraíodh an cúnamh dlíthiúil saor in aisce do T.P.T.

14 Sonraíonn an chúirt a rinne an tarchur go bhfuil dlíodóir T.P.T. cláraithe i gcomhréir le Dlí na Bulgáire maidir le cáin bhreisluacha agus, má sholáthraíonn an dlíodóir sin a sheirbhísí ar bhonn conradh lena bhforáiltear go n-íocfaidh a chliant luach saothair, ba cheart táillí an dlíodóra a bheith faoi réir CBL dá bhrí sin.

15 De réir na cúirte sin, is gá a shoiléiriú an bhfuil feidhm ag an méid sin i gcás ina soláthraítear ionadaíocht saor in aisce don chliant ón dlíodóir in imeachtaí dlíthiúla agus ina n-ordaíonn an chúirt inniúil don pháirtí freasúrach nár éirigh leis, go díreach leis an dlíodóir céanna sin, an méid a gheobhadh an dlíodóir sin dá gcuirfí an tseirbhís sin ar fáil le táillí. Go sonrach, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, in imthosca den sórt sin, an gá an dlíodóir a mheas mar dhuine inchánach agus an ionann soláthar cúnaimh dhlíthiúil agus soláthar seirbhísí ar comaoin, nó fiú soláthar seirbhísí saor in aisce, nach mór déileáil leis mar sholáthar seirbhísí ar comaoin.

16 Sna himthosca sin, chinn Sofiyski rayonen sad (Cúirt Dúiche Shóifia) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘(1) 1. An bhfuil “soláthar seirbhísí” de réir bhrí Airteagal 2(1)(c), Airteagal 24(1), Airteagal 26(1)(b) agus Airteagal 28 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha le léiriú sa chaoi go n-áirítear leis:
1. cúnamh dlíthiúil a sholáthar saor in aisce (*pro bono*) ag dlíodóir do pháirtí in imeachtaí cúirte[?]
2. cúnamh dlíthiúil a sholáthar saor in aisce (*pro bono*) ag dlíodóir páirtí ar éirigh leis nó léi i ndíospóid dhlíthiúil, sa chás go ndéanann an chúirt an luach saothair a gheobhadh sé nó sí a dhámhachtain do dhlíodóir an pháirtí sin dá mbeadh an luach saothair comhaontaithe faoi chonradh le haghaidh cúnaimh dhlíthiúil[?]

(2) An bhfuil “soláthar seirbhísí a dhéantar saor in aisce” de réir bhrí Airteagal 26(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha le léiriú sa chaoi go n-áirítear leis:
1. cúnamh dlíthiúil a sholáthar saor in aisce (*pro bono*) ag dlíodóir do pháirtí in imeachtaí cúirte[?]
2. cúnamh dlíthiúil a sholáthar saor in aisce (*pro bono*) ag dlíodóir páirtí ar éirigh leis nó léi i ndíospóid dhlíthiúil, sa chás go ndéanann an chúirt an luach saothair a gheobhadh sé nó sí a dhámhachtain do dhlíodóir an pháirtí sin dá mbeadh an luach saothair comhaontaithe faoi chonradh le haghaidh cúnaimh dhlíthiúil[?]

(3) An bhfuil “soláthar seirbhísí ar comaoin” de réir bhrí Airteagal 2(1)[(c)], Airteagal 24(1) agus Airteagal 26(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha le léiriú sa chaoi go n-áirítear leis cúnamh dlíthiúil a sholáthar saor in aisce (*pro bono*) ag dlíodóir páirtí ar éirigh leis nó léi i ndíospóid dhlíthiúil,

sa chás go ndéanann an chúirt an luach saothair a gheobhadh sé nó sí a dhámhachtain do dhlíodóir an pháirtí sin dá mbeadh an luach saothair comhaontaithe faoi chonradh le haghaidh cúnaimh dhlíthiúil[?]

(4) An bhfuil "duine inchánach" de réir bhrí Airteagal 28 agus Airteagal 75 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha le léiriú sa chaoi go n-áirítear leis:
1. dlíodóir (gnólacht dlí de dhuine amháin) a rinne cúnamh dlíthiúil a sholáthar saor in aisce (*pro bono*) do pháirtí in imeachtaí cúirte[?]
2. dlíodóir (gnólacht dlí de dhuine amháin) a rinne cúnamh dlíthiúil a sholáthar saor in aisce (*pro bono*) do pháirtí ar éirigh leis nó léi i ndíospóid dhlíthiúil, sa chás go ndéanann an chúirt an luach saothair a dhámhachtain do dhlíodóir an pháirtí sin (an gnólacht de dhuine amháin) a gheobhadh sé nó sí dá mbeadh an luach saothair comhaontaithe faoi chonradh le haghaidh cúnaimh dhlíthiúil[?]'

Breithniú ar na ceisteanna le haghaidh réamhrialú

17 De réir cásdlí socair na Cúirte, i gcomhthéacs an chomhair idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile. Is faoin gCúirt atá sé, i ndáil leis sin, pointí dhlí an Aontais lena n-éilítear léiriú a bhaint as an bhfaisnéis go léir a chuir an chúirt náisiúnta ar fáil, go háirithe as forais an ordaithe tarchuir, i bhfianaise ábhar na díospóide (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Nollaig 1984, *Haug-Adrion*, 251/83, EU:C:1984:397, mír 9 agus an 30 Aibreán 2024, *M.N.(EncroChat)*, C-670/22, EU:C:2024:372, mír 78).

18 Sa chás seo, ag féachaint don chomhthéacs fíorasach mar a leagtar amach san ordú tarchuir, ní mór a thuiscint ó na ceisteanna a tharchuirtear go n-iarrtar ar an gCúirt a chinneadh an gá forálacha Airteagal 2(1)(c), Airteagal 24(1), Airteagal 26(1)(b), Airteagail 28 agus 75 den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi gurb ionann ionadaíocht dlíodóra páirtí in imeachtaí dlíthiúla agus soláthar seirbhísí saor in aisce nach mór a láimhseáil mar sholáthar seirbhísí ar comaoin, in imthosca ina gcuirtear an tseirbhís sin ar fáil saor in aisce ach ina bhforáiltear le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann go n-ordaítear don pháirtí freasúrach, má ordaítear dó na costais a íoc, táillí an dlíodóra a íoc chomh maith a bhfuil a méid faoi réir na reachtaíochta sin.

19 Ar mhaithe leis an gceist sin, atá curtha i bhfocail eile, a fhreagairt, ní mór a thabhairt faoi deara, i gcomhréir le hAirteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL, go bhfuil soláthar seirbhísí ar comaoin laistigh de chríoch Bhallstáit ag duine inchánach atá ag gníomhú sa cháil sin le bheith faoi réir CBL.

20 I ndáil leis sin, foráiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 9(1) den Treoir maidir le CBL go gciallaíonn 'duine inchánach' aon duine a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch go neamhspleách, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na gníomhaíochta sin. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 24(1) den Treoir sin, ciallaíonn 'soláthar seirbhísí' aon idirbheart nach soláthar earraí é.

21 Sa chás seo, mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i míreanna 33 agus 34 dá Tuairim, ní mór do dhlíodóir T.P.T., atá cláraithe i gcomhréir le Dlí na Bulgáire maidir le cáin bhreisluacha, a mheas mar dhuine inchánach, de réir bhrí Airteagal 9(1) den Treoir maidir le CBL, gan é a bheith ábhartha, sa chomhthéacs sin, gur dámhadh táillí an dlíodóra air do dhuine a thug sé cúnamh dlíthiúil saor in aisce dó agus ar éirigh leis.

22 Ina theannta sin, ba cheart a thabhairt faoi deara gurb ionann ionadaíocht dhlíthiúil cliaint ag dlíodóir agus soláthar seirbhísí de réir bhrí Airteagal 24(1) den Treoir maidir le CBL.

23 Maidir leis an gceist an ionann seirbhís amhail atá i gceist sna príomhimeachtaí agus soláthar seirbhísí 'ar comaoin', is cásdlí socair é nach nglactar le haicmiú soláthair seirbhísí mar idirbheart 'ar comaoin' de réir bhrí Airteagal 2(1)(c) den Treoir maidir le CBL ach nasc díreach a bheith ann idir an tseirbhís agus an chomaoin sin a fhaigheann an duine inchánach. Bunaítear nasc díreach den sórt sin i gcás ina bhfuil caidreamh dlíthiúil idir soláthraí na seirbhíse agus an faighteoir faoina ndéantar seirbhísí a mhalartú, agus gurb é an luach saothair a fhaigheann an soláthróir an chomaoin iarbhír i leith na seirbhíse arna soláthar don fhaighteoir é (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Administration de l'enregistrement, des domaines et de laTVA (CBL – Ball de bhord stiúrthóirí)*, C-288/22, EU:C:2023:1024, mír 33 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Ar an taobh eile, bristear an nasc díreach idir an soláthar agus an chomaoin i gcás ina ndámhtar an luach saothair go saor in aisce amháin agus go randamach, ionas nach féidir an méid a chinneadh nó i gcás ina bhfuil sé deacair a mhéid a chainníochtú nó ina bhfuil sé éiginnte i bhfianaise na n-imthosca a bhaineann lena chinneadh (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Administration de l'enregistrement, des domaines et de la TVA (CBL – Ball de bhord stiúrthóirí)*, C-288/22, EU:C:2023:1024, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Sa chás seo, ar taobh amháin, is léir ón ordú tarchuir go bhfuil conradh ann idir T.P.T. agus a dhlíodóir lena bhfuil soláthar cúnamh dlíthiúil saor in aisce mar chuspóir, de bhun Airteagal 38(1)(2) de ZA. Ar an taobh eile, ós rud é gur éirigh le T.P.T sna himeachtaí dlíthiúla lena mbaineann, ordaíodh don pháirtí freasúrach, i gcomhréir le hAirteagal 38(2) de ZA, táillí a dhlíodóra a íoc, socraíodh an méid i gcomhréir le forálacha an dlí, ag tagairt d'íosmhéideanna táillí dlíodóra.

26 Dá bhrí sin, tá fianaise go bhfuil nasc díreach ann idir an cúnamh dlíthiúil arna sholáthar ag dlíodóir T.P.T. agus táillí dlíodóirí a íoctar leis sa chonradh agus sa dlí araon.

27 Sa chomhthéacs sin, níl sé ábhartha nach bhfaightear táillí dlíodóirí ón bpáirtí dár soláthraíodh an cúnamh dlí, ach ón bpáirtí freasúrach agus, dá bhrí sin, ó thríú páirtí. Chun a mheas go bhfuil soláthar seirbhísí 'ar comaoin' de réir bhrí na Treorach maidir le CBL, ní gá an chomaoin don soláthar sin a fháil go díreach ó fhaighteoir an tsoláthair sin (breithiúnas an 21 Nollaig 2023, *Administration de l'enregistrement, des domaines et de la TVA (CBL – Ball de bhord stiúrthóirí)*, C-288/22, EU:C:2023:1024,, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

28 Thairis sin, ní chaitear amhras ar an mbreithniú a leagtar amach i mír 26 den bhreithiúnas seo mar gheall ar an éiginnteacht maidir leis na táillí dlíodóirí a íoc toisc nach bhfuil aon ráthaíocht ann maidir le rath na n-imeachtaí breithiúnacha agus, dá bhrí sin, maidir le cé acu a ordaítear nó nach n-ordaítear don pháirtí freasúrach na táillí sin a íoc.

29 Cé gur léir ó chásdlí na Cúirte, agus go háirithe ó bhreithiúnais an 3 Márta 1994, *Tolsma* (C-16/93, EU:C:1994:80, mír 19), agus an 10 Samhain 2016, *Baštová*, (C-432/15, EU:C:2016:855, mír 29), go bhfuil éiginnteacht ann maidir le luach saothair a bheith ann de chineál a fhágann go mbristear an nasc díreach idir an tseirbhís a sholáthraítear don fhaighteoir agus an luach saothair a fuarthas, níl an staid atá i gceist sna príomhimeachtaí agus na staideanna ba chúis leis na cásanna as ar eascair na breithiúnais sin inchomparáide.

30 Dá réir sin, bhain breithiúnas an 3 Márta 1994, *Tolsma* (C-16/93, EU:C:1994:80), le ceoltóir a bhí ag seinm ar an mórbhealach poiblí agus a fuair airgead ó dhaoine a bhí ag dul thar a bhealach. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt, i míreanna 16 agus 17 den bhreithiúnas sin, nach raibh an t-ioncam sin ina chomaoin ar sheirbhís a tugadh do dhaoine atá ag dul thar a bhealach ós rud é, ar an gcéad dul síos, nach raibh aon chomhaontú idir na páirtithe, ós rud é gur thug na daoine a chuaigh thar a bhealach an t-airgead go deonach, ar chinn siad a mhéid dá rogha féin, agus, ar an dara dul síos, nach raibh aon nasc riachtanach idir an ceoil a sheinn sé agus na híocaíochtaí a d'eascair as.

31 Bhain breithiúnas an 10 Samhain 2016, *Baštová*, (C-432/15, EU:C:2016:855), leis an gceist arbh ionann capall a bheith á chur ar fáil ag duine inchánach d'eagraí rás capall chun críocha rannpháirtíocht an chapaill sin sa rás agus soláthar seirbhísí ar comaoin.

32 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt, i míreanna 35 agus 37 den bhreithiúnas sin, nach féidir, i bprionsabal, an cur ar fáil sin a bheith ina chomaoin iarbhír i leith na seirbhíse arna soláthar ag eagraí an ráis agus lena gceadaítear don úinéir sin a chapall a bheith páirteach sa rás, ós rud é go n-íocann úinéir an chapaill as an tseirbhís sin trí íocaíocht táillí clárúcháin agus rannpháirtíochta, lena léirítear luach iarbhír na rannpháirtíochta sa rás, agus go bhfuil sé deacair aon bhrabús a d'fhéadfadh teacht as rannpháirtíocht sin trí mhéadú ar luach an chapaill nó ar an bhfógraíocht a thugtar dó leis an rannpháirtíocht sin a chainníochtú agus tá sé éiginnte. Thairis sin, ní féidir an duais a d'fhéadfaí a bhuachan mar thoradh ar áit an chapaill tráth deireadh an rása a bheith ina chomaoin iarbhír ar an gcapall a chur ar fáil, ós rud é nach é an capall a bheith á chur ar fáil ag úinéir an chapaill don eagraí rásaíochta capall, an rud as a n-eascraíonn, dá réir sin, duais a bhronnadh, ach toradh áirithe a bhaint amach ag deireadh an rása.

33 Cé, sa chás sna príomhimeachtaí, go bhfuil íocaíocht tháillí an dlíodóra faoi réir riosca atá ag brath ar thoradh na n-imeachtaí, is ionann na táillí sin, agus an chomaoin iarbhír as an tseirbhís arb ionann í agus ionadaíocht an chliaint in imeachtaí dlíthiúla.

34 A mhéid a thagraíonn an chúirt a rinne an tarchur freisin d'Airteagal 26(1)(b), d'Airteagail 28 agus 75 den Treoir maidir le CBL, is leor a thabhairt faoi deara nach bhfuil feidhm ag aon cheann de na forálacha sin maidir le soláthar amhail an soláthar atá i gceist.

35 I bhfianaise na mbreithnithe go léir roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 2(1)(c), den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi gur soláthar seirbhísí ar comaoin, de réir bhrí na forála sin ionadaíocht dlíodóra ar pháirtí in imeachtaí dlíthiúla, in imthosca ina gcuirtear an tseirbhís sin ar fáil saor in aisce ach ina bhforáiltear le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann go n-ordaítear don pháirtí freasúrach, má ordaítear dó na costais a íoc, na táillí dlíodóra sin, a rialaítear a méid leis an reachtaíocht sin, a íoc freisin.

Costais

36 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir le hAirteagal 2(1)(c) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

is soláthar seirbhísí ar comaoin, de réir bhrí na forála sin, ionadaíocht dlíodóra ar pháirtí in imeachtaí dlíthiúla, in imthosca ina gcuirtear an tseirbhís sin ar fáil saor in aisce ach ina bhforáiltear le reachtaíocht an Bhallstáit lena mbaineann go n-ordaítear don pháirtí freasúrach, má ordaítear dó na costais a íoc, na táillí dlíodóra sin, a rialaítear a méid leis an reachtaíocht sin, a íoc freisin.

Sínithe